

# Músaem Náisiúnta Muirí na h-Éireann



le

Emer Boyle, Helen Macey, Fiona Duggan,  
Séamus Ó Canaínn

Oiriúnach do ranganna  
sinsearacha



Cuimhnigí:

Tóg fáisc-chlár an duine libh  
Oibrigí I ngrúpaí  
Bígí ar an airdeall faoi chuairteoirí eile.  
Bainigí sult as!

Tosnaigh

Ionad Oideachais na Carraige Duibhe

# An Foírgneamh

Stad  
1

i

Tógadh an foírgneamh seo mar eaglais do mhairnéalaigh 180 bliain ó shoin.

Déanadh músaem de sa bhliain 1978.

1

**Lasmuigh:** Cé'n fianaise atá le feiceáil sa timpeallacht a léiríonn stair muiri an fhoirgnimh?

2

**Lastigh:**

Ce'n fhianaise a aimsíonn tú a léiríonn gur eaglais a bhí ann??


Gloine dáite sna fuinneogaí

Umar baiste

Altóir

Plaiceanna cuimhneacháin

Aon rud eile \_\_\_\_\_



Féach ar na piléir mhóra adhmaid atá mar thaca leis an díon. Céard a chuirfeadh said i gcuimhne do mhairnéalach in aimsear na mbád seol?

Téigh go Stad 2,  
An Palme

# An Palme

i

Tugtar ‘tragóid Bhaile an Rí’ ar longbhriseadh an Palme an 24ú de mhí na Nollag 1895. Ba é an tubaiste is measa riamh a tharla do sheirbhís na mbád tarrthála in Éirinn é.



1

Cá h-áit a briseadh an Palme? \_\_\_\_\_

2

Céard a tharla do'n bhád tarrthála? Céard a chialláíonn féin-cheartú i gcás bád?



3

Scrúdaigh an pictiúr ar dheis. Céard iad na smaointe atá ag cur as do na ndaoine seo, i do thuairim?

---



---



---

*An bád tarrthála báite an lá dar gceann, lá Nollag, 1895!*

Breathnaigh ar mhionsamhail na mbád ata ar láimh. Aimsigh mionsamhail an *Palme*


Téigh go dtí Stad 3, An Leinster.

# R.M.S. Leinster

Stop  
3

i

Cuireadh an Leinster go tóin poill ag fómhuireann Ghearmánach sa bhlian 1918.



1

Cé'n chuspóir faoi leith a bhí ag an Leinster?

---

2

Ce'n chogadh a bhí ar siúl nuair a cailleadh an Leinster i mí Dheire Fómhair na bliana 1918?

3

Cailleadh breis agus 500 sa tragóid. Cé mhéad a tháinig slán? \_\_\_\_\_



4

Conas a tháinig na daoine seo slán? \_\_\_\_\_

---

---

Ancaire an Leinster i nDún Laoghaire


Cas ar chlé agus téigh go dtí an Great Eastern, Stad 4

Tá gné faoi leith ag baint le mionsamhail an Leinster. Céard é?

# An Great Eastern

i

Ba é Isambard Kingdom Brunel a dhearaigh an *Great Eastern*. *Great Babe* an t-ainm a thug seisean uirthi. Bhí sé ar cheann de na h-innealtóirí ba iomráití le linn a thréimhse.



1

Cé chomh fada is a bhí cáil ar an Great Eastern mar an long is mó ar domhain? \_\_\_\_\_

2

Cé'n fáth nach raibh ráth uirthi? \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3

Cé'n usáid a bhaintear anois as an crann seol ar tugadh *Diardaoin* air?

\_\_\_\_\_



4

Aimsigh an bosca cabláí atá sa phictiúr. Cé'n fáth nach mbaintear usáid as cabláí mar seo níos mó ?

\_\_\_\_\_

Smaoinigh ar na h-athraithe iontacha atá tagtha ar an slí ina mbímid i gcumarsáid lena chéile ó am an *Great Eastern*

Téigh go tosach an mhusaem, san áit ina bhfuil an solas mór, stad 5

# Solas Rothlach an Baile

Stad  
5

i

Tá breis agus 50 teach solais ar fud an chósta faoi choimirce Choimisnéirí Soilse na h-Éireann, Tá a cheann-ceathrú lonnaithe i nDún Laoghaire



Teach Solais Dhún Chrioainn (Bailey)

1

Cé'n chumhacht atá i mbolgán solais an Bailey? \_\_\_\_\_

2

Aimsigh na pictiúir seo.  John Richardson Wigham  Teach Solais ar charraig

3


Cé'n fáth a bhfuil tithe solais chomh tabhachtach? \_\_\_\_\_

4

Ba ghnáth le coiméadaí cónaí ar gach teach solais. Cé'n slí a n-oibríonn said sa lá atá inniu ann.? \_\_\_\_\_

5

Iarr ar an bhfreastalaí an solas a chur ar siúl



Samhlaigh chomh huaigneach is a bhíodh saol an choiméadaí. Cé'n caitheamh aimsire a bhí acu?

Fill ar an doras tosaigh agus téigh in airde staighre go stad 6

# In aírde staighre

i

Stad  
6

Breathnaigh thart ort ar feadh  
nóiméad nó dhó agus déan  
iontas de'n fhoirgneamh: na  
fuinneogaí dáite, an síleal  
adhmaid, an taispeántas




1


Lorgaigh na rudaí seo thíos:

- 2 phota gliomaigh
- Portán donn
- Trálaerr iascaireachta
- An ' Fenian Ram'
- Bolgán solais ó'n Titanic
- Long le h-ainm áitiúil
- Daingean na bpríosúnach
- Currach

2



Seol teachtaireacht chuig do  
chairde ag baint usáid as Cód  
Morse nó cód na mbrat



3

Iarr ar an bfhreastalaí scannán an MV  
Kerlogue a chur ar siúl

Cá raibh an Kerlogue nuair a shabháil  
sí na Gearmánaigh?

Deireadh!  
Maith thú!